



“Ní neart go cur le chéile!”



## Nuachtán Ghaelscoil Thomáis Dáibhís

### Samhradh 2016



### Istigh

#### Gairdín na Scoile

Níos mó eolais mar gheall ar Gairdín na scoile ar lth. 5.



#### Spórt sa Ghaelscoil

Tuille eolais ar Spórt sa Ghaelscoil ar lth. 4



Cad air a chuimhneóidh daoine nuair a bheidh said ag breathnú siar ar 2016 agus go háirithe ar shéasúr an tsamhraidh na bliana seo?


Is cinnte go ndeachaigh Bliain Chuimhneacháin 1916 i bhfeidhm go mór ar mhuintir na hÉireann agus cuimhneofar ar na h-imeachtaí ar fad a cuireadh ar siúl chun an tÉirí Amach agus iad siúd a bhí bainteach leis a chomóradh. Is ceart agus is coir a leithéad, gan amhras.

B'fhéidir go gcuimhneofar ar shamhradh 2016 de bharr gaisce ár bhfoirne spóirt sa tír-an bua stairiúil a bhí ag foireann rugbaí na hÉireann i gcoinne an Afraic Theas nó foireann sacair na hÉireann san Euros. Gach seans go mbeidh daoine ag caint fós faoi na Cluichí Oilimpeacha in Rio i gceann deich nó fiche bliain romhainn amach.

Ach beidh mo chuid smaointí ar 2016 níos áitiúla agus níos pearsanta agus is mór an deis seo iad a roinnt libh anseo. Cuimhneóidh mé siar ar rang Angela agus rang Shile ag tosú linn sa Ghaelscoil. Beidh cuimhne agama ar Cheiliuradh 30 Bliain sa Ghaelscoil nuair a scaoil Isabelle (Rang 4) na balúin. Beidh Lá an Fhorógra im cheann agus Finian (Rang 1) ag ardú brat na hÉireann. Cuimhneóidh mé ar Lúthchleasaíocht Bhunscoileanna Chorcaí agus an gaisce a rinne daltaí na scoile agus an lucháir nuair a thug Caitlín (Rang 5) craobh an Chontae léi. Cuimhneóidh mé ar Robbie agus Wallie, an dá róbó a thóg Rang 5 agus a thaisteal go CIT agus chuig Bermingham. Táim cinnte go mbeidh cuimhne agam go deo ar an veain uachtar reoite a tháinig chun na scoile i mbliana, ar rang 3 ag filleadh tar éis turas go Dún ar Áill, ar bhua Noah Ó Ceallaigh sa scríbhneoireacht agus ar cheoltóirí agus ar chór na scoile ag na sacraimintí agus istigh i Halla na Cathrach. Tá na mílte cuimhni taitneamhacha agam ar scoilbhliain 2015/2016 agus sé mo ghúí ná go bhfuil a leithéad sin ag gach páiste agus ball foirne. Guím samhradh deas grianmhar oraibh agus baille foirne. Gabhaim buíochas libh uile as ucht tacú leis an scoil oideachas d'ardchaighdeán a chur ar fail dár bpáistí.


Mar fhocal scior, is mian liom gach rath a ghúí ar dhaltaí Rang 6 agus iad ag tabhairt aghaidh ar an meánscolaíocht. Chuir sibh go mór leis an nGhaelscoil le hocht mbliana anuas agus béimid ag súil le cloisteáil faoi na h-éachtanna ar fad a thabharfaidh sibh futhú sna blianta atá le teacht. Go n-éirí go geal libh, a dhaltaí.

Dónal Ó Murchú - Príomhoide



Ghlac rang a 5 páirt sa chomórtas Róbó Vex i CIT i Mí Eanáir. Is comórtas róbotaic é seo inar tugadh dúshlán róbó a dhearadh agus a thógáil maraon le tionscnamh STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata) a léiriú chomh maith. D'oirbh na páistí i ngrúpaí agus léirigh siad scileanna san innealtóireacht, cláir ríomhairí, réiteach fadhbanna agus san eolaíocht.


5<sup>th</sup> class participated in the VEX IQ Robotics Primary schools competition in CIT in January. This competition involved designing and building a robot as well as researching and presenting a STEM project to a panel of judges. Once built, the class refined the design and after many more hours of problem solving, Robbie Róbó and Wally Wóbó were unveiled. Robbie competed against 32 other schools in CIT winning 2<sup>nd</sup> place overall, thereby winning Wally a trip to compete in the UK championships in Birmingham in March where he won an Energy award. Who knows what 2017 may bring?



## Ag Foghlaim sa Ghaelscoil

Bionn an ghaelscoil ag iarraidh teacht ar shlite difriúla chun múineadh na bpáistí a dhéanamh níos éifeachtaí i gcónaí. Is é an teagasc ag stáisiúin difriúla ceann des na modhanna a usáidimid chun an fhoghlaim a dhéanamh níos taitneamhaí, is níos éifeachtaí.

Usáidimid an modh seo chun forbairt a dhéanamh ar scileanna mínluaileacha, Béarla agus mata na bpáistí a fhorbairt. Nuair a bhíonn na gníomhaíochta ar siúl, bíonn foireann de chúigear múinteoir, ar a laghad, ag obair leis an rang. Tugann san deis dos na páistí treoir níos pearsantaí a d'fháilt ón múinteoir. Anuas ar sin, faigheann siad deis tréithe difriúla den curaclam a chlúdach laistigh den cheacht. Coimeádann an réimse mór de ghnéithe, is an bogadh ó stáisiún go stáisiún, na páistí gníomhach sa chorp is san intinn.



## Céim sa Bhéarla

Ranganna a 3 Eimear agus Siobhán participated enthusiastically in Céim sa Bhéarla in this last term. In this 6 weeks of station work the pupils with their class teachers and múinteoirí Síle, Niamh, Conchubhair and Diarmuid Ó R, explored the key literacy elements of Familiar Reading, Cloze Procedures, Unfamiliar Reading, Phonics and Comprehension Skills. Rang a 3 were particularly good at applying the comprehension strategies of Questioning, Monitoring, Determining Importance to their work. Maith sibh a chairde!


## Lúthchleasaíocht

Bhí bliain iontach aríst ag an nGaelscoil ag Luthchleasaíocht Bhunscoileanna Chorcaí. Bhí na rásaí ar siúl i mbliana ar an lú Meitheamh, in Ionad Teicneolaíochta Chorcaí. B'iad na cailíní a rith ar dtús agus d'éirigh go han-mhaith leo. Bhíomar fíor-bhródúil as buaiteoir an Chontae, Caitlín Ní Aonghusa, Rang 5. Thosaigh rásaí na mbuachaillí i ndiaidh ám loin. Bhí an-lá acu siúd chomh maith agus iad ag filleadh abhaile le roinnt mhaith bhoinn agus trófaí. Comhghairdeas libh uile.

## Meitheal Mata

D'fhoghlaim páistí na gaelscoile in ana-chuid slite difriúla taitneamhacha le linn na scoilbhliana. Mar shampla bhí gach rang páirteach i meitheal mata. Sa mheitheal mata bíonn deis ag na páistí obriú i ngrúpaí beaga, is bíonn seans acu blas a d'fháilt de ghéithe difriúla suimiúla den mhata. Bhain na páistí tairbhe is dul chun cinn as an meitheal mata.

The children in the Gaelscoil learn in many different, enjoyable ways throughout the year. For example, each class took part in *Meitheal Mata*. During *Meitheal Mata* the children have the opportunity to work in small groups and experience several of the interesting aspects of mathematics. The children benefited and made progress from participation in *Meitheal Mata*.



# Spórt sa Ghaelscoil



## Foireann Eitpheile na Gaelscoile

### Comórtas Caide Ghael Linn

De bharr a gcuid iarrachta i gComórtas Caide na nGaelscoileanna i gContae Chorcaí, tugadh cuireadh d'imreoirí na gaelscoile dul go dtí'n Rinn i gContae Phort Láirge chun páirt a ghlacadh i gcomórtas na Mumhan. D'fhanadar ansan, i gColáiste na Rinne, thar oíche, is dimríodar le crógacht is fonn. Bhualadar le páistí ó ghaelscoileanna eile timpeall an chúige, is dhineadar cairde nua. Bhí ana-chraic acu ar an dtrá, is bhain na haon duine acu ard-thaitneamh as an gcúpla lá a chaitheadar sa ghaeltacht. Bhí na múinteoirí thar a bheith bródúil as a gcuid iompair, is an iarracht a chuireadar isteach i ngach aon rud.



### Buann Cian Bonn Óir!

Bhuaigh Cian 2 bhonn órga ag Craobh na Mumhan do na Cluichí Oilimpeacha sa lúthchleasaíocht ag an deireadh seachtaine i CIT: Sleá agus Rásaíocht 100m. Maith thú a Chian.

### Bealtaine 2016

Comhghairdeas le Cian ó Rang a 5 a bhuaigh bonn óir agus bonn airgid le déanaí i gCraobh na Mumhan do na Cluichí Oilimpeacha i Luimneach ar a chapall Sparky.



D'éirigh go hiontach le foireann eitpheile Ghaelscoil Thomáis Dáibhís i mbliana. Ghlac trí fhoireann páirt i gcomórtas an chontae. De bharr gur bhuaigh ceann des na fóirne an comórtas san, fuair eadar deis tabhairt fé chomórtas na Mumhan, i gCill Áirne. D'éirigh le foireann na gaelscoile é sin a bhuaichaint, is chuadar go dtí Comórtas na hÉireann i gColáiste Mhuire gan Smál, i gcathair Luimní. Mar is gnáth leis na grúpaí a thaistealaíonn ar aon turas ón ngaelscoil, thaispeáin na páistí ana-iarracht is béasaí den scoth. Bhaineadar éacht amach san imirt, agus bhain gach éinne ana-thaitneamh as na comórtaisí.



Léigh sé an mionn mar chuid den searmanasoscailte. Féachann sé an snasta ina chulath marcaíochta, nach n-aontaíonn sibh? Seo linn Cluichí Oilimpeacha an Domhain!!!



### Siúlóid i nDún ar Aill

Bhí ár siúlóid carthanachta bliantúil againn ar an nDomhnach, 12ú de Mheitheamh, agus arís bhí an t-ádh dearg linn leis an aimsir. Bhí slua oll-mhór i bPáirc Dhún ar Aill, idir páistí agus tuismitheoirí. Bhí madra nó dhó le feiscint freisin! Fuair gach teaghlach cárta molta, agus úsáidfear pé airgead a bhaileofar le haghaidh córas ríomhairí na scoile a aithnuachan.

Dhí am iontach againn sa ghairdín i mbliana. Dhíomar bainteach le comórtas scoile don ghairdín le Muintir na Tíre. Fuairamar cabhair ó na páistí. The Men's Shed, tuismitheoirí agus coiste na dtuismitheoirí. Dhíomar an-bhuíoch as an gcabhair go léir. Dhí an-chuid páistí páirteach sa ghairdín scoile ag tochailt cré, ag bailiú péisteanna, ag péinteáil, ag glannadh agus plandáil plandaí. Dhí an-chraic againn amuigh sa ghairdín agus flú bhog cúpla síóg isteach sa ghairdín fresin. Dhí na moltóirí ana shásta lear ngairdín agus beidh na torthaí ar eolas againn i gceann cúpla lá.



Our very successful annual charity walk took place on 12<sup>th</sup> June. We all set off at 2pm in Doneraile Park. The afternoon was bright, and the páistí enjoyed the 'spóirt agus spraoi' in the playground after having run most of the 6km. 'Is maith an cúnaimh an lá breá!' mar a dheirfeá. All monies raised will be used to upgrade our computer system. Even if you weren't in a position to attend the walk, the smallest contribution will be much appreciated. Is mór iad na beaganna i dtéannta a chéile.

Míle buíochas





## Cór Fhéile na Scol



Thaistil an grúpa ceoil ón ngaelscoil go dtí Halla na Cathrach i Mí Aibreáin, chun páirt a ghlacadh i gCór Fhéile na Scol. Sheinn na páistí go binn ar an oíche, is bhain gach aon duine acu sult is súp as a bheith ag féachaint, is ag éisteacht, ar na taispeántaisí a chuir na scoileanna eile ar siúl. Bhain na múinteoirí ana-thaitneamh as an grúpa mór páistí a thabhairt a bhí chomh foighneach, béasach is ceolmhar ar an oíche.



## Slán a Mháire



ón bhFoireann Scoile  
go Léir

‘Tá an samhradh buailte agus na barraí bainte. Tá sár-obair déanta.’

Ar 30ú lá de Lúnasa, beidh Máire Pearóid ag eirí as an múinteoireacht agus ag cur tús le caibidil nua ina saol.

Is mian linn mar fhoireann comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le Máire ar an sár-obair atá déanta aici ar san daltaí Ghaelscoil Thomáis Dáibhís ón mbliain 2000 i leith.

Is múinteoir díograiseach, cumasach, tuisceanach í agus oibríonn Máire i gcónaí ar leas na bpáistí a bhíonn faoina cúram.

Bhí dluthbhaint ag Máire le an-chuid imeachtaí scoile leis agus go háirithe leis an Aonach Leabhair agus le Luthchleasaíocht Bhunscoileanna Chorcaí. Is cinnte go bhfuil agus go mbeidh riain a láimhe ar an nGaelscoil le fada an lá.

Ar son gach éinne sa scoil guím gach rath ar Mháire don todhcháí. Go n-éirí go geal leat, a chara.

Dónal Ó Murchú - Príomhoide